Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith C

C/2026/36

16.1.2026

**Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa**

**Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún**

**Plean Gníomhaíochta Eorpach maidir le Cruach agus Miotail**

*(COM(2025) 125 final)*

(C/2026/36)

Rapóirtéir: **Anastasis YIAPANIS (CY-III)**

Comhrapóirtéir: **Michal PINTÉR (SK-1)**

| | |
|---|---|
| Comhairleoir | Mihai Ivaşcu (thar ceann an rapóirtéara, Grúpa III)<br>Bartosz Nienałtowski (thar ceann an chomhrapóirtéara, Catagóir 1) |
| Cinneadh ón mBiúró | 21.1.2025 |
| Comhairliúchán | An Coimisiún Eorpach, 13.5.2025 |
| Bunús dlí | Airteagal 304 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh |
| An rannóg atá freagrach | An Coimisiún Comhairleach um Athruithe Tionsclaíocha |
| Dáta a glactha sa rannóg | 10.7.2025 |
| Dáta a glactha sa seisiún iomlánach | 18.9.2025 |
| Seisiún iomlánach Uimh. | 599 |
| Toradh na vótála<br>(ar son/in aghaidh/staonadh) | 95/0/0 |

## 1. **Conclúidí agus moltaí**

1.1. Tá an-imní ar Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE) faoin ngéarchéim atá i dtionscal cruach an Aontais Eorpaigh agus iarrann sé go ndéanfaí bearta práinneacha chun an t-iomaíochas a athbhunú, poist ardcháilíochta a choinneáil ar bun agus borradh a chur faoin infheistíocht in aistriú earnálacha na cruach agus na miotal. Leis na bearta sin, ba cheart aghaidh a thabhairt ar chásanna criticiúla gearrthéarmacha agus ba cheart dlúthfhaireachán a dhéanamh orthu chun coigeartuithe a cheadú i gcás inar gá.

1.2. Go sonrach, is iad seo a leanas na nithe atá CESE a iarraidh:

(a) go gcuirfear síos beart trádála nua cuimsitheach go práinneach le hionad an bhirt coimirce cruach atá ann faoi láthair a ghlacadh sula rachaidh sé in éag an 1 Iúil 2026. Chumhdófaí faoin mbeart nua gach tír agus gach táirge cruach a ndéanann an ró-acmhainneacht dhomhanda difear dóibh, agus úsáid á baint as an gcóras taraif-chuótaí atá nasctha leis an sciar den mhargadh allmhairiúcháin agus le húsáid na hacmhainneachta intíre, ionas nach ndéanfaí dochar d'úsáideoirí iartheachtacha ná d'inmharthanacht na hearnála;

(b) go dtabharfar isteach riail 'leáite agus doirte' láithreach chun aon dul timpeall ar na rialacha a chomhrac go héifeachtach agus inrianaitheacht thionscnamh na cruach a fheabhsú, agus 'riail na dleachta is lú' a chur ar fionraí ar bhonn roghnaitheach;

(c) go bhfoilseofar an togra reachtach maidir leis an Sásra Coigeartaithe Carbóin ar Theorainneacha (SCCT) agus forálacha ann chun lamháltais saor in aisce a choinneáil le haghaidh onnmhairí chuig tíortha nach Ballstáit den Aontas iad agus nach bhfuil gealltanais aeráide inchomparáide acu. Ba cheart a leagan síos leis an togra sin luachanna láidre astaíochtaí réamhshocraithe chun athdháileadh acmhainní a dhíspreagadh agus chun seasamh le spriocanna comhshaoil SCCT chomh maith le raon feidhme SCCT a leathnú chun earnálacha iartheachtacha diantáirgthe cruach a chumhdach;

(d) go nglacfar an togra Omnibus I ([1]) go pras chun FBManna a chosaint ar ualaí iomarcacha riaracháin agus costais faoi SCCT agus go n-áiritheofar ag an am céanna nach mbainfear an bonn de chuspóirí comhshaoil agus sóisialta;

(e) go ndéanfaidh an Coimisiún an ról straitéiseach atá ag dramh-mhiotal mar amhábhar tánaisteach a aithint agus córas láidir faireacháin a mholadh le haghaidh onnmhairí dramh-mhiotail. Ba cheart a áireamh leis sin bearta amhail dleachtanna onnmhairiúcháin nó taraif-chuótaí chun an soláthar intíre a dhaingniú, forfheidhmiú neartaithe in aghaidh onnmhairí dramh-mhiotail neamhdhleathacha agus athchúrsáil dramh-mhiotail fheiriúil a chomhtháthú sa reachtaíocht maidir le táirgí a bhfuil a ré caite;

(f) go nglacfar reachtaíocht thánaisteach mar chuid de chur chun feidhme an Rialacháin maidir le Loingsithe Dramhaíola d'fhonn a áirithiú nach gceadófar dramhaíl a onnmhairiú ach chuig tíortha a chomhlíonann caighdeáin chomhshaoil atá coibhéiseach le caighdeáin an Aontais;

(g) go ndéanfar athchóiriú struchtúrach ar an margadh leictreachais agus measúnú tionchair cuimsitheach ar shamhlacha malartacha margaidh chun na tairbhí costais a bhaineann leis an leictreachas glan a aistriú go dtí na teaghlaigh agus tomhaltóirí tionsclaíocha araon;

(h) go dtabharfar isteach treoirlínte sonracha do na Ballstáit, faoin gCreat um Státchabhair Thionsclaíoch Ghlan, maidir le scéimeanna sealadacha um fhaoiseamh ó phraghsanna fuinnimh a chur chun feidhme do thionscail dianfhuinnimh atá neamhchosanta ar an trádáil idirnáisiúnta;

(i) go mbeifí in ann sciar réamhshainithe den leictreachas fóirdheonaithe ó chomhaontuithe ceannaigh cumhachta (CCCanna) a sholáthar de réir phraghsáil an chostais *plus* do thionscail dianfhuinnimh ar leith, trí threoirlínte nua a thabhairt isteach maidir le CCCanna agus conarthaí difríochta;

(j) go dtabharfaidh an Coimisiún tosaíocht d'úsáideoirí tionsclaíocha maidir leis an rochtain ar hidrigin trí bhuiséid earnála ar leith a shannadh mar chuid de cheantanna a bheidh ag an mBanc Hidrigine, go ndéanfaidh sé athbhreithniú ar an nGníomh Tarmligthe maidir le Hidrigin In-athnuaite chun táirgeadh intíre costéifeachtach a chothú, agus go nglacfaidh sé gníomh tarmligthe go pras maidir le hidrigin ísealcharbóin. Ina theannta sin, ba cheart critéir an leictreachais ghlais a dhéanamh níos solúbtha chun scaipeadh tapa na hidrigine a éascú;

(k) go bhfoilseofar togra maidir le critéir uaillmhianacha i réimse na hathléimneachta agus na hinbhuanaitheachta chun táirgeadh táirgí glana a dhéantar san Aontas a neartú, lena n-áirítear poist ardcháilíochta, mar chuid den Ghníomh um Dhlús a chur leis an Dícharbónú Tionsclaíoch;

(l) go ndéanfaidh an Coimisiún measúnú ar riachtanais infheistíochta agus chistiúcháin na dtionscal cruach agus miotal, agus tacaíocht airgeadais bhreise agus thiomnaithe, agus, i gcás inarb ábhartha, coinníollachtaí sóisialta, a chur san áireamh, lena n-áirítear trí acmhainní airgeadais faoi SCCT a chur in áirithe agus a threorú chuig earnálacha cumhdaithe chomh maith le hioncam ó CTA AE a dhíriú ar thacú le tionscadail ar scála tionsclaíoch sna tionscail cruach agus miotal, lena n-áirítear tríd an mBanc um Dhícharbónú Tionsclaíoch atá ar na bacáin;

(m) go dtabharfar isteach ciste a bheadh tiomnaithe don Aistriú Cóir le haghaidh na dtionscal dianfhuinnimh, lena ndíreofaí ar chláir uas-scilithe agus athscilithe agus ar thacaíocht soghluaisteachta chun cabhrú le hoibrithe aistriú idir réigiúin agus earnálacha; agus

(n) go mbeidh ról gníomhach ag na comhpháirtithe sóisialta i mbeartais uile an aistrithe ghlais, agus, mar thaca leis sin, go mbeidh gealltanais shoiléire ann maidir leis an idirphlé sóisialta agus ardchaighdeáin sláinte agus sábháilteachta san ionad oibre a chur chun cinn.

## 2. **Barúlacha ginearálta**

2.1. An 26 Feabhra 2025, sheol an Coimisiún an Comhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan agus an Plean Gníomhaíochta um Fhuinneamh Inacmhainne. Ar roinnt de na bearta atá sa Chomhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan tá bearta chun iomaíochas na dtionscal dianfhuinnimh agus earnáil na teicneolaíochta glaine a neartú, agus aitheantas don ghéarghá atá ann tacú le dícharbónú na dtionscal dianfhuinnimh, aistriú go fuinneamh glan agus dul i ngleic le costais arda fuinnimh, iomaíocht dhomhanda éagórach agus rialacháin chasta.

([1]) Omnibus I – COM(2025) 87.

2.2. Aithníonn CESE na dúshláin atá roimh na hearnálacha cruach agus miotail; ina measc tá an ró-acmhainneacht dhomhanda agus cleachtais éagóracha a bhaineann an bonn den chothrom iomaíochta, costais arda fuinnimh, sceitheadh carbóin, an gá atá le hinfheistíocht a dhéanamh sa dícharbónú agus an tábhacht a bhaineann le dramh-mhiotail a choinneáil san Aontas. Aithníonn sé freisin gur gheall tionscail miotal na hEorpa, arb iad is cúis le sciar mór d'astaíochtaí gás ceaptha teasa an Aontais, spriocanna aeráide agus comhshaoil an Aontais a chomhlíonadh. Lena chois sin, meabhraíonn CESE gur gá na poist ardcháilíochta in earnáil na tionsclaíochta a chosaint agus a chur chun cinn, ós rud é go gcuireann an earnáil fostaíocht dhíreach agus indíreach ar fáil do bheagnach trí mhilliún oibrí.

2.3. Tá laghdú suntasach tagtha ar sciar an Aontais den táirgeadh domhanda cruach agus miotal le deich mbliana anuas. Tá an tSín, an India, agus tíortha eile atá ina mbaill de ASEAN (Comhlachas Náisiúin na hÁise Thoir Theas) agus tíortha an Mheánoirthir tar éis a n-acmhainneacht táirgeachta a mhéadú go mór, agus tacaíocht acu i roinnt mhaith cásanna, is é sin fóirdheontais lena ndéantar an trádáil a shaobhadh. De réir sonraí a d'fhoilsigh an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE), meastar go n-ardóidh an ró-acmhainneacht dhomhanda den chruach ó 602 mhilliún tona in 2024 go 721 mhilliún tona faoi 2027 ([2]), méid atá níos mó ná a chúig oiread na táirgeachta bliantúla de chruach san Aontas.

2.4. Tuigeann CESE dearcadh an Choimisiúin Eorpaigh go bhfuil an chruach agus na miotail ina dtáirgí ríthábhachtacha a fhad a bhaineann sé ***le geilleagar, uathriail straitéiseach agus aistriú glas agus aistriú digiteach an Aontais Eorpaigh agus*** leis an gcosaint san Aontas Eorpach. Mar shampla, tá idir 50 agus 60 tona de chruach ardcháilíochta i dtanc catha, suas le 100 tona i gcóras airtléire féinghluaiste agus 3 thona d'alúmanam in aerárthach troda ([3]). I gcomhthéacs geopholaitiúil an lae inniu, tá sé ríthábhachtach slabhra soláthair cobhsaí athléimneach a áirithiú le haghaidh na n-ábhar sin.

2.5. Mar gheall ar an ró-acmhainneacht dhomhanda, ar chorrlaigh bhrabúis ísle, ar chostais arda fuinnimh, ar mhargadh nach bhfuil toilteanach préimh a íoc as táirgí glasa agus ar chistiú neamhleor, cuirtear bac ar an infheistíocht sa dícharbónú. Cuireann CESE i bhfios go bhfuil gá le bearta práinneacha chun dúnadh gléasraí, ciorrú post agus meath na tionsclaíochta a sheachaint ar fud na hEorpa agus chun a áirithiú gur féidir le tionscail na cruach agus na miotal leanúint de bheith ag déanamh beart de réir a mbriathair a fhad a bhaineann sé le hearnálacha straitéiseacha ar nós earnáil na cosanta agus earnáil na teicneolaíochta glaine.

2.6. Tá sciar suntasach dá hacmhainneacht táirgeachta Eorpach caillte go deo ag earnáil an alúmanaim, agus níos mó ná 50 % den táirgeadh príomhúil ina stad ó bhí 2021 ann. Idir an dá linn, laghdaigh aschur cruach an Aontais ó 160 milliún tona in 2017 go 126 mhilliún tona in 2023. Is é 65 % an ráta úsáide acmhainneachta cruach atá ann faoi láthair, rud nach bhfuil inmharthana toisc nach mór do thionscail dhianchaipitiúla oibriú ar ráta os cionn 85 % chun bheith iomaíoch ([4]).

2.7. Mar chuid den dul chun cinn ón Idirphlé Straitéiseach maidir le Cruach a tionóladh i gcomhar le hUachtarán an Choimisiúin Eorpaigh an 4 Márta 2025, tacaíonn CESE leis an bPlean Gníomhaíochta Eorpach maidir le Cruach agus Miotail a mhol an Coimisiún, ach cuireann sé i bhfáth go bhfuil gá le beart a dhéanamh láithreach. Is le fada an lá atá CESE ag lorg tacaíocht shainiúil d'earnálacha na cruach agus na miotal, agus ní hacmhainn don Aontas a thuilleadh moilleadóireachta a dhéanamh. Cé gur céim sa treo ceart é an plean gníomhaíochta, cuireann CESE i dtábhacht go bhfuil géarghá le tograí reachtacha a bheadh faoi cheangal ama (go háirithe maidir leis an gcosaint trádála agus le praghsanna fuinnimh), agus an staid gheopholaitiúil atá ann faoi láthair á cur san áireamh. Tá CESE ag tathant ar an gCoimisiún Eorpach imeacht ón bpeirspictíocht mheántéarmach agus fhadtéarmach agus gníomhú go práinneach trí bhearta a chur chun feidhme láithreach chun todhchaí na hearnála a chosaint agus chun aghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim eacnamaíoch agus shóisialta atá ann.

## 3. Rochtain ar fhuinneamh glan inacmhainne a áirithiú do thionscail na miotal

3.1. Aithníonn CESE go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún na costais fuinnimh a laghdú do na tomhaltóirí is mó atá thíos leis an ngéarchéim, na tionscail dianfhuinnimh go háirithe, trí na bearta atá leagtha amach sa Phlean Gníomhaíochta um Fhuinneamh Inacmhainne a dhéanamh. Cé go bhfuil bearta dearfacha sa phlean gníomhaíochta chun na costais a bhaineann le muirir agus tobhaigh ghréasáin a laghdú, meabhraíonn sé gur ar bhearta náisiúnta, ar chomhtháthú na margaí agus ar chomhaontuithe stórála agus ceannaigh cumhachta is mó a bhraitheann sé, agus gur bearta meántéarmacha agus fadtéarmacha iad sin.

3.2. Cuireann CESE i bhfáth go bhfuil seans ann, gan bearta breise a dhéanamh, go bhféadfadh na costais fuinnimh bac a chur ar iomaíochas na dtionscal cruach agus miotal sa ghearrthéarma, ós rud é gurb ionann na costais sin agus sciar mór de na costais táirgthe. Tugann CESE dá aire go bhfuil praghsanna fuinnimh fós níos airde in 2025 ná na leibhéil stairiúla agus go bhfuil siad a dhá oiread go a thrí oiread níos airde san Aontas ná mar atá sna Stáit Aontaithe ([5]), agus go bhfuil praghsanna an gháis nádúrtha beagnach a chúig oiread níos airde ná na praghsanna sna Stáit Aontaithe ([6]). Dá bhrí sin, tá gá le bearta gearrthéarmacha práinneacha chun an t-iomaíochas a athbhunú agus chun infheistíochtaí sa dícharbónú a scaoileadh.

([2]) ECFE – an 97ú seisiún den Choiste Cruach.
([3]) Stóras Foilseachán JRC, *Raw materials in the European defence industry*.
([4]) Plean Gníomhaíochta Eorpach maidir le Cruach agus Miotail.
([5]) Plean Gníomhaíochta Eorpach maidir le Cruach agus Miotail.
([6]) Plean Gníomhaíochta um Fhuinneamh Inacmhainne.

3.3. Tá CESE ag tathant ar an gCoimisiún bearta níos láidre maidir le faoiseamh ó phraghsanna fuinnimh a chur chun feidhme, maille le creat soiléir le haghaidh leictreachas iomaíoch in earnáil na tionsclaíochta. Dá bhrí sin, is oth le CESE nár thogair an Coimisiún roinn ar leith a chur sa dréacht den Chreat um Státchabhair Thionsclaíoch Ghlan a foilsíodh le déanaí chun aghaidh a thabhairt ar chostais arda fuinnimh. An spleáchas ar sholúbthacht ar thaobh an éilimh, ar fhóirdheontais nó ar fhaoiseamh cánach sealadach, níl sé inmharthana san fhadtéarma. Dá bhrí sin, ba cheart don Choimisiún meastóireacht a dhéanamh ar an gcreat rialála atá ann faoi láthair le haghaidh margaí leictreachais agus measúnú tionchair domhain a dhéanamh, lena n-áirítear meastóireacht ar shamhlacha malartacha margaidh, chun praghsanna leictreachais inacmhainne a áirithiú ar bhealach níos fearr do theaghlaigh agus do thomhaltóirí tionsclaíocha, i gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan.

3.4. Cuireann CESE in iúl freisin go gcreideann sé go bhfuil sé ríthábhachtach go n-áireofaí sa Chreat um Státchabhair Thionsclaíoch Ghlan roinn ina mbeadh treoirlínte do na Ballstáit maidir le bearta um fhaoiseamh ó phraghsanna fuinnimh a cheapadh do thionscail dianfhuinnimh atá neamhchosanta ar an trádáil idirnáisiúnta. Ba cheart na bearta sin a bheith ina n-uirlisí sealadacha chun go mbeadh tomhaltas fuinnimh inacmhainne ann sa ghearrthéarma.

3.5. Leis na treoirlínte atá le teacht ón gCoimisiún maidir le comhaontuithe ceannaigh cumhachta (CCCanna) agus conarthaí difríochta, ba cheart a bheith in ann sciar réamhshainithe den leictreachas fóirdheonaithe ó CCCanna a sholáthar, ar an gcostas táirgthe móide uasmharcáil, do thionscail shonracha dianfhuinnimh atá neamhchosanta ar an iomaíocht idirnáisiúnta.

3.6. Cé go moltar sa Phlean Gníomhaíochta Eorpach maidir le Cruach agus Miotail go mbeadh rochtain ní b'fhearr ar an hidrigin ag úsáideoirí tionsclaíocha, ní leor na tagairtí do thionscnaimh atá ann cheana chun méadú inacmhainne agus tapa hidrigine a áirithiú d'earnálacha na cruach agus na miotal. Dá bhrí sin, iarrann CESE go ndéanfaí bearta chun tacú le glacadh na hidrigine in earnálacha dianfhuinnimh, i gcomhréir le prionsabal na tosaíochta de bhun Airteagal 3(6) den Phacáiste athbhreithnithe maidir le Dícharbónú na Hidrigine agus an Gháis, mar shampla trí bhuiséid earnála ar leith a shannadh do na tionscail dianfhuinnimh mar chuid de cheantanna a bheidh ag an mBanc Hidrigine. Molann sé freisin athbhreithniú a dhéanamh ar an nGníomh Tarmligthe maidir le Hidrigin In-athnuaite chun táirgeadh intíre costéifeachtach den hidrigin in-athnuaite a chothú, agus gníomh tarmligthe a ghlacadh go pras maidir le hidrigin ísealcharbóin.

## 4. **Sceitheadh carbóin a chosc**

4.1. Aontaíonn CESE go bhféadfadh na lúba ar lár a shainaithin an Coimisiún sa Chomhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan agus sa Phlean Gníomhaíochta maidir le Cruach agus Miotail an bonn a bhaint d'éifeachtacht SCCT maidir le sceitheadh carbóin a chosc agus cuspóirí comhshaoil SCCT a bhaint amach. Iarrann CESE go ndéanfaí togra reachtach go pras, mar chuid den athbhreithniú ar SCCT, chun bearta sonracha a chur san áireamh chun an sceitheadh carbóin i gcás onnmhairí a chosc trí lamháltais saor in aisce a choinneáil le haghaidh onnmhairí a chuireann earnálacha a chumhdaítear le SCCT chuig tríú tíortha nach bhfuil spriocanna aeráide inchomparáide acu dá dtionscail cruach intíre, rud a chuirfeadh le héifeachtacht SCCT. Leis an togra, ba cheart luachanna astaíochtaí réamhshocraithe iomchuí a leagan síos freisin chun sláine comhshaoil SCCT a áirithiú, cleachtais athdháilte acmhainní a dhíspreagadh agus raon feidhme SCCT a leathnú, mar a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán SCCT, chun earnálacha iartheachtacha ábhartha ina ndéantar diantáirgeadh ar an gcruach a chumhdach, agus iomaíochas FBManna á chosaint tríd an togra Omnibus I a ghlacadh go pras.

4.2. I bhfianaise an dul chun cinn beartais a rinneadh le déanaí, agus na n-éiginnteachtaí atá ann, maidir le hinfheistíochtaí tábhachtacha straitéiseacha a dhéanamh chun cruach ísealcharbóin a tháirgeadh san Eoraip, ní mór an creat beartais atá ag an Aontas chun dul i ngleic leis an sceitheadh carbóin a athmheas chun cinnteacht a thabhairt do chuideachtaí atá ag smaoineamh ar infheistíocht a dhéanamh sa dícharbónú. Má tharlaíonn sé go bhfuil fiú beagán éifeachta leis an sásra, molann CESE don Choimisiún a mhachnamh a dhéanamh arís ar an nós imeachta chun deireadh a chur de réir a chéile leis na lamháltais saor in aisce faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA).

## 5. **Acmhainneachtaí tionsclaíocha na hEorpa a chur chun cinn agus a chosaint**

5.1. Mar gheall ar éifeachtaí seach-iarmharta na ró-acmhainneachta domhanda, tá inmharthanacht an táirgthe cruach agus miotal san Aontas i mbaol. Maidir leis na taraifí 25 % ar allmhairí cruach agus alúmanaim ó na Stáit Aontaithe a tugadh isteach an 12 Márta 2025, meabhraíonn CESE go gcuireann siad leis an ngéarchéim atá ann trí shrian a chur leis an rochtain ar mhargadh an Aontais agus trí chur leis an mbrú a bhíonn ann de thoradh onnmhairí cruach agus miotal domhanda a atreoraítear ó na Stáit Aontaithe chuig an Aontas. Tá rabhadh á thabhairt ag CESE faoi na hiarmhairtí tromchúiseacha a d'fhéadfadh a bheith ann do gheilleagar níos leithne an Aontais, lena n-áirítear tionscail thábhachtacha iartheachtacha.

5.2. Is le rídheireanas a thug an tAontas athbhreithniú chun críche maidir leis an mbeart coimirce cruach. Cé go n-aithnítear san athbhreithniú sin an obair atá déanta ag an gCoimisiún, cuireann CESE is iúl gur oth leis nach dtugtar aghaidh go héifeachtach leis na coigeartuithe a rinneadh ar na dúshláin atá roimh earnáil cruach an Aontais, go háirithe an dianbhrú ar allmhairí i ndeighleoga amhail cruach dhosmálta, nó an fíoras nach ndearnadh cuótaí a ailíniú le staid nua an mhargaidh. Tugann CESE dá aire freisin go rachaidh an beart coimirce in éag an 1 Iúil 2026.

5.3. Is díol sásaimh do CESE gur fhógair an Coimisiún go gcuirfear beart trádála nua chun feidhme chun teacht in ionad an chórais coimirce atá ann faoi láthair, lena gcuirfear leibhéal cosanta an-éifeachtach ar fáil i gcoinne éifeachtaí diúltacha a bhíonn ag an ró-acmhainneacht dhomhanda ar an trádáil. Beidh éifeachtacht an bhirt ag brath ar an leagan amach a bheidh air: ní mór an beart a bheith cuimsitheach, agus gach táirge cruach agus gach tír onnmhairiúcháin ina bhfuil ró-acmhainneacht dhomhanda a chumhdach. Dála an bhirt coimirce atá ann cheana, ba cheart an beart nua a bheith i bhfoirm taraif-chuóta chun costais bhreise ar úsáideoirí cruach a chosc agus chun ganntanais soláthair a chosc, agus ba cheart é a chalabrú trí sciartha den mhargadh allmhairiúcháin a nascadh le leibhéil inbhuanaithe d'úsáid na hacmhainneachta intíre. Tá CESE ag tathant ar an gCoimisiún an togra a thíolacadh gan mhoill chun sraonadh trádála a chosc tar éis do na Stáit Aontaithe taraif ghinearálta allmhairiúcháin 25 % a ghearradh ar chruach agus chun a áirithiú go mbeidh an córas nua ag feidhmiú go hiomlán sula rachaidh an beart coimirce in éag an 1 Iúil 2026.

5.4. Is díol sásaimh do CESE an fógra ón gCoimisiún go smaoineoidh sé ar imscrúdú a sheoladh maidir leis an mbeart coimirce atá i bhfeidhm i gcás an alúmanaim.

5.5. Aontaíonn CESE leis an gCoimisiún faoi go bhfuil an méadú ar chásanna ina dtéitear timpeall ar na rialacha ag déanamh dochair do na bearta cosanta trádála, agus cuireann sé i bhfáth go dtabharfaí aghaidh go héifeachtach ar an dul timpeall sin agus go laghdófaí líon na n-imscrúduithe trádála dá dtabharfaí isteach riail 'leáite agus doirte', trína bhféadfadh an Coimisiún tír thionscnaimh earra a shainaithint mar an tír inar leádh an miotal ar dtús, gan beann ar an áit a ndearnadh é a phróiseáil ina dhiaidh sin. Is féidir an beart sin a chur chun feidhme go pras agus tá sé i gcomhréir leis na hoibleagáidí cruthúnais atá ann cheana faoi smachtbhannaí na Rúise.

5.6. Cuireann CESE i bhfáth go bhfeabhsófaí éifeachtacht na n-ionstraimí cosanta trádála i gcásanna sonracha, go háirithe in aghaidh onnmhairí na Síne, dá gcuirfí deireadh le 'riail na dleachta is lú'. Beart atá an-éifeachtach agus comhoiriúnach don Eagraíocht Dhomhanda Trádála a bheadh i gceist leis an riail sin a chur ar fionraí.

## 6. An chiorclaíocht a chur chun cinn i gcás na miotal

6.1. Aithníonn CESE gur bealach tábhachtach i gcónaí í an chiorclaíocht chun tionscail na miotal a dhícharbónú. Tá athchúrsáil dramh-mhiotail ríthábhachtach chun an spleáchas ar amhábhair phríomhúla allmhairithe a laghdú, lena n-áirítear amhábhair straitéiseacha agus chriticiúla. Molann CESE infheistíocht a dhíriú ar bhonneagar athchúrsála an Aontais a fheabhsú agus a leathnú, agus próiseáil intíre níos fearr ar mhiotail athchúrsáilte a áirithiú chun an geilleagar ciorclach laistigh den Aontas a neartú.

6.2. Íocann táirgeoirí i dtríú tíortha praghsanna níos airde ar dhramh-mhiotal mar gheall ar na caighdeáin chomhshaoil níos ísle atá i bhfeidhm sna tíortha sin agus nach mbíonn aon chostas rialála le híoc, rud a fhágann go bhfuil laghdú ar infhaighteacht na cruach agus an dramh-mhiotail san Aontas, agus straitéisí á gcur chun feidhme d'aon ghnó i dtíortha eile amhail an tSín chun dramh-mhiotal alúmanaim a fhoinsiú san Aontas Eorpach. Is oth le CESE go bhfuil méadú faoi dhó tagtha le blianta beaga anuas ar onnmhairí de dhramh-mhiotal feiriúil, agus meastar go mbeidh onnmhairí de dhramh-mhiotal alúmanaim os cionn 1.3 milliún tona ([7]).

6.3. Dá bhrí sin, is díol sásaimh do CESE go n-aithnítear dramh-mhiotal mar amhábhar tánaisteach straitéiseach sa Phlean Gníomhaíochta maidir le Cruach agus Miotail, mar gheall ar a thábhachtaí atá sé don aistriú go geilleagar ciorclach ísealcharbóin agus don choigilteas fuinnimh. Ba cheart don Choimisiún, sa tríú ráithe de 2025, córas faireacháin agus faireachais a thabhairt isteach maidir le honnmhairí dramh-mhiotail, srianta ar onnmhairí a chur chun feidhme i bhfoirm dleacht onnmhairiúcháin nó córas taraif-chuótaí, dul i ngleic le honnmhairí neamhdhleathacha, agus athchúrsáil dramh-mhiotail fheiriúil a chur chun cinn i reachtaíocht ábhartha maidir le táirgí a bhfuil a ré caite (e.g. feithiclí, longa, soithí agus trealamh leictreach agus leictreonach diúscartha).

6.4. Iarrann CESE freisin go ndéanfaí an Rialachán maidir le Loingsithe Dramhaíola a chur chun feidhme go héifeachtach – trí reachtaíocht thánaisteach – chun measúnú agus forfheidhmiú éifeachtach a dhéanamh ar chaighdeáin agus ar rialacháin atá coibhéiseach ó thaobh an chomhshaoil agus na sochaí de le caighdeáin agus rialacháin an Aontais i dtíortha cinn scríbe dhramhaíl onnmhairithe an Aontais.

6.5. Cuireann CESE in iúl go raibh coinne aige le tuilleadh soiléireachta maidir leis an nGníomh um an nGeilleagar Ciorclach atá beartaithe do 2026, lena n-áirítear pleananna agus amlínte mionsonraithe chun cur chun feidhme agus tionchar éifeachtach a áirithiú.

([7]) Plean Gníomhaíochta Eorpach maidir le Cruach agus Miotail.

## 7. Poist ardcháilíochta a chosaint in earnáil na tionsclaíochta

7.1. Aithníonn CESE go bhfuil tiomantas sa Phlean Gníomhaíochta maidir le Cruach agus Miotail poist ardcháilíochta a áirithiú in earnáil na tionsclaíochta, ar poist iad lena mbaineann pá cuibhiúil, dálaí oibre cobhsaí agus ardchaighdeáin sláinte agus sábháilteachta. Tacaíonn sé le cearta oibrithe a chosaint, go háirithe maidir le faisnéis, comhairliúchán agus rannpháirtíocht, ar gnéithe iad atá thar a bheith tábhachtach de réir mar a chuirtear an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach i gcrích in earnáil na cruach agus na dtáirmhiotal.

7.2. Measann CESE nár cheart aon oibrí ná réigiún a fhágáil ar lár san aistriú glas. Aithníonn sé a thábhachtaí atá sé poist ardcháilíochta a choinneáil, lena n-áirítear d'oibrithe teicniúla oilte. Molann sé Ciste ar leith um Aistriú Cóir a thabhairt isteach do na tionscail dianfhuinnimh, lena ndíreofaí ar chláir uas-scilithe agus athscilithe chun na scileanna a theastaíonn le haghaidh na dtionscal glas a thabhairt d'oibrithe agus ar thacaíocht soghluaisteachta chun cabhrú le hoibrithe aistriú idir réigiúin agus earnálacha.

7.3. Is díol sásaimh do CESE an togra maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú a leasú chun tacú le haistriú ó phost go chéile d'fhonn tacú le hoibrithe a ndéanann na hathruithe tionsclaíocha difear dóibh. Ba cheart go bhfeidhmeodh an ciste ina uirlis réamhghníomhach chun oibrithe a choinneáil trí athsciliú agus uas-sciliú in oirchill an athstruchtúraithe, seachas gan ach beart a dhéanamh nuair a bhristear daoine as a bpost.

7.4. Tá CESE ag tathant ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit a áirithiú go mbeadh na comhpháirtithe sóisialta rannpháirteach i ngach beart beartais a dhéanfaí amach anseo agus gealltanais shoiléire a thabhairt seasamh le hidirphlé sóisialta láidir agus ardchaighdeáin sláinte agus sábháilteachta san ionad oibre a choinneáil le linn phróiseas an aistrithe ghlais. Leis sin, chothófaí aistriú cóir cothrom do chách. Leagann CESE béim freisin ar an ról tábhachtach atá ag an idirphlé sóisialta***, lena n-áirítear an chómhargáil,*** maidir leis an aistriú cóir a áirithiú.

## 8. An riosca a bhaineann le tionscadail dícharbónaithe a laghdú trí bhíthin príomh-mhargaí

8.1. Dé réir mar a úsáidtear an fuinneamh atá saor ó charbón, ardaíonn na costais oibriúcháin agus praghas na dtáirgí ísealcharbóin. Cuireann CESE i bhfáth go bhfuil sé ríthábhachtach príomh-mhargaí a fhorbairt chun préimh ghlas a chur ar fáil agus chun tacú leis an infheistíocht in earnálacha na cruach agus na miotal. Tá sé ríthábhachtach anois bearta a chur chun feidhme go pras agus go héifeachtach.

8.2. Tugann CESE dá aire an fógra ón gCoimisiún go bhfuil lipéad deonach á fhorbairt aige le haghaidh cruach ísealcharbóin, chomh maith leis an rún atá aige reachtaíocht a ullmhú a bhaineann le táirgí chun príomh-mhargaí a bhunú. Áirítear leis sin tionscnaimh amhail an Gníomh um Dhlús a Chur leis an Dícharbónú Tionsclaíoch atá ar na bacáin agus úsáid critéar athléimneachta agus inbhuanaitheachta chun borradh a chur faoi tháirgeadh táirgí glana a dhéantar san Aontas. Tá CESE ag iarraidh freisin ar CEN-CENELEC caighdeán comhfhreagrach a fhorbairt tráth níos faide anonn.

8.3. Ní mór don Choimisiún raon feidhme an Ghnímh um Amhábhair Chriticiúla a leathnú chun amhábhair thánaisteacha straitéiseacha amhail iarmhar cruach a chur san áireamh. Cé go n-aithnítear an nicil agus eilimintí cóimhiotalaithe eile mar ghnéithe criticiúla, ba cheart tosaíocht a thabhairt sa phlean gníomhaíochta do na hábhair thánaisteacha sin agus faireachán breise a thabhairt isteach chun a áirithiú go mbeidh siad ar fáil agus á n-úsáid ar bhealach inbhuanaithe san aistriú glas.

8.4. Cuireann CESE i bhfáth go mbeidh gá le cistiú chun an riosca a bhaineann le tionscadail thionsclaíocha ar mórscála a laghdú. Is díol sásaimh dó gur fhógair an Coimisiún sa Chomhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan go seolfaidh sé Banc um Dhícharbónú Tionsclaíoch, mar aon le bearta chun feabhas a chur ar úsáid na n-acmhainní atá ann cheana, go háirithe an t-ioncam ó CTA. Meabhraíonn CESE gur gá an t-ioncam ó CTA a chur in áirithe le haghaidh tionscadail dícharbónaithe in earnáil na tionsclaíochta agus iarrann sé go gcuirfí tús láithreach le hobair an Bhainc Eorpaigh um Dhícharbónú Tionsclaíoch, agus ionstraimí ar leith a bheith ann le haghaidh earnálacha na cruach agus na miotal.

An Bhruiséil, an 18 Meán Fómhair 2025.

*Uachtarán*
*Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa*
Oliver RÖPKE